

Ár nAontas Eorpach - An t-am le bheith Misniúil, le Gníomhú, agus le haghaidh Torthaí

Togra ó Chumann na nIar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa (CIF) chuig an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

Is é aidhm an togra seo, atá bunaithe ar thuarascálacha agus ar dhoiciméid chruinnithe an 22 Aibreán, an 30 Meitheamh, an 12 Deireadh Fómhair agus an 7 Nollaig 2021, agus ar rannchuidithe saibhre, éagsúla a chuireann comhaltaí aonair de Chumann na nIar-Fheisirí (CIF) agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEanna) comhdhearcadh leathan a bhaint amach laistigh de CIF agus dá Ghrúpa Machnaimh ar Thodhchaí na hEorpa le haghaidh rannchuidiú leis an seisiún iomlánach den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (an ‘Chomhdháil’).

Réamhrá

‘J’ai toujours pensé que l’Europe se ferait dans les crisis, et qu’elle serait la somme des solutions qu’on apporterait à ces crisis.’ (Jean Monnet, Mémoires, Páras, Fayard, 1976, Ich. 488)

Tráth seo na géarchéime tromchúisí, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh go ndéanfaidh an tAontas Eorpach (AE), a bhfuil a tástáil á tabhairt ó laistigh de na Ballstáit agus lasmuigh díobh, machnamh ar a bhfuil i ndán dó. Is féidir le hIar-Fheisirí, a thagann le chéile faoi choimirce CIF, rannchuidiú ó dhearcadh ar leith, i bhfianaise a gcuid **saineolais, taithí agus cuimhne institiúideach agus pholaitiúil** ar an aon institiúid amháin de chuid an Aontais a thogann saoránaigh AE go díreach.

Deis ar leith is ea an Chomhdháil chun machnamh a dhéanamh ar an idirphlé maidir le todhchaí AE agus í a chur chun cinn ar bhealach oscailte, cuimsitheach.

Creidimid gur cheart don Chomhdháil díriú ar cheisteanna leathana a bhaineann le lánpháirtiú na hEorpa, ar na bealaí inar féidir le AE a bheith níos éifeachtúla, cur lena

chumas gníomhú agus an méid a bhfuil na saoránaigh ag súil leis a bhaint amach, agus conas is féidir an smacht reachta a chosaint níos fearr, gan athrú ar na Conarthaí a chur as an áireamh. Tá súil againn freisin go socrófar roinnt ceisteanna idirinstiúideacha, amhail a bhfuil i ndán don chóras Spitzenkandidaten, mar a thugtar air, agus go bhfoghlaimofar ceachtanna ón ngéarchéim is déanaí in AE, eadhon paidéim COVID-19 atá ar siúl faoi láthair.

Ní mór dúinn níos mó a dhéanamh. Dá bhrí sin, mar iar-Fheisirí, ba mhaith linn a bheith dána, mar níor cheart go gcuirfí amú an deis seo do AE a bheith níos uailmhianaí amach anseo.

Chuige sin, chinneamar cúig threoir ghinearálta a chur i láthair ar treoirlínte iad ba cheart do AE a leanúint agus a pholaitíocht agus a bheartais á bhforbairt aige amach anseo.

Thairis sin, tá liosta curtha le chéile againn de 10 dtogra nithiúla maidir leis an treo inar cheart don Aontas forbairt, nó, i bhfocail eile, na réimsí inar gá seasamh chun tosaigh.

Treoirlínte ginearálta

1. Luaitear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhíne an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad; Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-íolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoifhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir'. Chun inchreidteacht laistigh den Aontas agus lasmuigh de a áirithiú, níor cheart luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais, mar a shainmhínítear thuas iad, a rangú trí na luachanna ná prionsabail sin a theorannú do réimsí sonracha beartais, ach ba cheart iad a phríomhshruthú a mhéid is féidir, trí shásraí forfheidhmithe inchreidte éifeachtacha, i ngníomhaíochtaí uile an Aontais.

2. Chun ionchais na saoránach a chur i gcrích, ní mór toil pholaitiúil a bheith ann chun go dtabharfaí an acmhainneacht gníomhú do AE, i dtéarmaí rialacha (chun dúsháinn a sheachaint) agus i dtéarmaí acmhainní araon. Tá sé sin ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an Aontas, rud a nascfaidh tosaíochtaí na saoránach leis na huirlisí agus na hacmhainní is gá i réimsí éagsúla inniúlachta, agus ar an gcaoi sin an bhearna mhíshásúil idir ionchas agus cur i gcrích, agus idir dearbhuithe uailmhianacha agus torthaí arb ábhar inní iad. In ionad díospóireacht a dhéanamh faoi níos mó den Eoraip nó níos lú di, ba cheart gurbh é an treoirphrionsabal ba cheart a bheith ann go dtabharfaí do AE a bhfuil de dhíth air chun go mbeidh sé in ann gníomhú i gcomhréir le hionchais na saoránach.

3. Ba cheart úsáid a bhaint as na huirlisí agus na modhanna uile dá bhforáiltear faoi láthair sna Conarthaí, lena n-áirítear na deiseanna éagsúla nár tapaíodh go nuige seo¹, go háirithe athrú ar an gConradh, ar nithe iad ar cheart dóibh féachaint i gcónaí le cuntasacht na n-institiúidí agus córas daonlathach AE a neartú tuilleadh, go háirithe maidir le ról na Parlaiminte agus an cumas teacht ar chinneadh laistigh den Chomhairle, rud a chuireann deireadh leis an bhféidearthacht atá ag gach Ballstát cros a fheidhmiú.

4. Ba cheart spriocanna leathana beartais an Aontais a ionchorprú i ngach tionscnamh a dhéanann an tAontas, seachas a bheith ag teacht salach ar na spriocanna sin. I bhfocail eile, ba cheart do bheartais AE réiteach a dhéanamh idir leasanna eacnamaíocha (i.e. fás agus rathúnas) agus cosaint shóisialta (i.e. leas agus folláine), rud a chruthódh geilleagar sóisialta margaidh iomaíoch, agus ardchaighdeán cosanta comhshaoil agus aeráide á gcur san áireamh. Go deimhin, tá maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú dó ag teacht chun cinn mar dhúshlán domhanda a éilíonn go ndéanfar ár sochaithe a athstruchtúrú ina n-iomláine le go mbeifear in ann samhlacha níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí a ghlacadh. Ba cheart na hacmhainní polaitiúla,

¹ Le haghaidh tráchttaireacht ar airteagail nár baineadh leas astu faoin gConradh, féach: Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2017 maidir le feidhmiú an Aontais Eorpaigh a fheabhsú trí chur le hacmhainneacht Chonradh Liospóin (IO C 252, 18.7.2018): <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52017IP0049>.

dlíthiúla agus airgeadais a thabhairt don Aontas chun leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa réimse sin.

5. Ba cheart daonlathas AE a neartú ar gach leibhéal (áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta), agus prionsabal na coimhdeachta á urramú, trí rannpháirtíocht níos struchtúrtha na saoránach aonair agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus trí dhírú níos mó ar thrédhearcacht agus inrochtaineacht chinnteoireacht AE. Is é is aidhm don rannpháirtíocht sin gan ról Pharlaimint na hEorpa ná ról na bparlaimintí náisiúnta ná an próiseas toghchánach a lagú. Os a choinne sin, ba cheart an daonlathas rannpháirteach agus ionadaíoch a léirmhíniú mar dhá phrionsabal a threisíonn a chéile. Ba cheart ról na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha a neartú, go háirithe le linn thoghcháin Pharlaimint na hEorpa.

Moltaí nithiúla:

1. Léirigh paindéim COVID-19 atá ar siúl faoi láthair, i measc nithe eile, go bhfuil gá le níos mó dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát, go háirithe i gcásanna éigeandála. Ba cheart sásraí le haghaidh tacaíocht fhrithpháirteach agus cúnamh gearrthéarmach i réimse na sláinte a eagrú ar leibhéal an Aontais. I ndáil leis sin, ba cheart úsáid a bhaint as an dlúthpháirtíocht lena ndéantar dearmad ar choróin-náisiúnachas a léirigh na Ballstáit i dtosach, mar aon leis an méid a baineadh amach i gcomhar le chéile agus an phaindéim á comhrac, mar bhunús le haghaidh réitigh níos buaine. I bhfocail eile, ba cheart gurb í an cheist is práinní: An mbeidh AE níos ullmhaithe nuair a bhuaifidh an chéad mhórthubaiste nó géarchéim eile?².

² Féach ar an leasú a chuir Elmar Brok ar aghaidh, i measc nithe eile, le linn an Choinbhinsiúin ar Thodhchaí na hEorpa (2001-2003), inar moladh 'bagairt don tsláinte phoiblí de chineál suntasach trasteorann a chomhrac' a chur isteach mar inniúlacht chomhroinnte de chuid AE: <http://european-convention.europa.eu/docs/Treaty/pdf/12/global12.pdf> (leathanach 11). Féach freisin na tagairtí don tsláinte phoiblí mar inniúlacht roinnte i dtuarascáil chríochnaitheach Ghrúpa Oibre XI maidir leis an Eoraip Shóisialta (an Bhruiséil, 3 Feabhra 2003: <http://european-convention.europa.eu/pdf/reg/en/03/cv00/cv00516-re01.en03.pdf>), amhail 'Airteagal 152 atá ann faoi láthair [an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (Conradh Nice, leagan comhdhlúite)], ba cheart é a mhéadú chun tuilleadh inniúlachtaí a thabhairt don Aontas i réimse na sláinte poiblí agus ábhair amhail bagairt thromchúiseach trasteorann, galair theagmhálacha, bithsceimhlitheoireacht agus Comhaontuithe EDS a chlúdach' (leathanach 15).

2. I ndomhan nach féidir le Ballstáit aonair dul in iomaíocht le sárchumhachtaí domhanda, a ghníomhaíonn go haontaobhach, ba cheart fiorbheartas eachtrach agus cosanta an Aontais a fhorbairt trí vótáil tromlaigh cháilithe (VTC) níos minice sa Chomhairle (e.g. chun smachtbhannaí a fhorchur) agus trí úsáid a bhaint as ionstraimí solúbthachta uile an chonartha lena n-áirítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) chun dúsháinneacha a sheachaint. Ní mór comhacmhainn cosanta oibríochtúil a fhorbairt ionas gur féidir le AE – nó a Bhallstáit – gníomhú i gcásanna éigeandála nó géarchéime (e.g. aerfort Chabúl). Sna himthosca sin, ba cheart colún Eorpach Chomhghuaillíocht an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) a neartú. Sin a bhfuil saoránaigh ag súil leis ó AE. Níl i gceist ach toil pholaitiúil. Leis an aistriú go VTC i réimse na ngnóthaí eachtracha, d'athrófaí na Ballstáit ó ghníomhaithe crosta go bróicéirí macánta ar cheart dóibh a bheith in ann teacht ar chomhthoil maidir le saincheistanna íogaire agus criticiúla.

3. Bunaithe ar an taithí a fuarthas le NextGenerationEU, ba cheart go mbeadh an tAontas in ann a acmhainní dílse a fhorbairt tuilleadh agus cinneadh a dhéanamh maidir leo, amhail ar aon leibhéal eile rialtais. I bhfocail eile, ba cheart neamhspleáchas fioscach a bheith ag an Aontas, i.e. a bheith in ann airgead a bhailiú ar na margaí airgeadais trí bhannaí a eisiúint (acmhainn iasachtaí), lena n-áirítear lasmuigh den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus cánacha ar fud an Aontais a ardú atá nasctha lena chuid inniúlachtaí³. Ba cheart leathnú na n-ionstraimí arna gcruthú ag NextGenerationEU a phlé i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántearma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. D'fhéadfadh filleadh ar bhuiséid náisiúnta chothromaithe a bheith ag gabháil le húsáid mhéadaithe a bhaint as iasachtaí ar fud an Aontais chun infheistíochtaí náisiúnta a mhaoiniú. Thairis sin, ba cheart na céimeanna nua sin a chumhdach sna Conarthaí. Ina theannta sin, ba cheart rialú parlaiminteach Pharlaimint na hEorpa a leathnú amach thar chaiteachas chun ioncam a chumhdach freisin. Ba cheart go léireofaí uailmhianta an Aontais ina bhuiséad

³ 'Más mian linn go n-athródh an pacáiste réabhlóideach seo ina nóiméad Hamiltonach a bhfuil géarghá ag an Eoraip leis, ní mór dúinn iarracht a dhéanamh an móiminteam a choinneáil, trí bhealach a aimsiú chun an acmhainn iasachtaíochta a fhadú tar éis na géarchéime, agus a acmhainní a aistriú de réir a chéile ó fhaoiseamh buiséid náisiúnta chuig maoiniú bheartais AE.' (Alain Lamassoure, 10 Samhain 2021).

foriomlán. Ní féidir beartais uailmhianacha a chur i bhfeidhm, gan trácht ar a bheith misniúil, mura dtugaimid na hacmhainní dúinn féin é sin a dhéanamh.

4. Ba cheart go mbeadh an digitíú cuimsitheach – níor cheart aon duine a fhágáil ar lár – agus ba cheart go gcosnófaí saoránaigh an Aontais agus na Ballstáit leis. Ba cheart do AE a bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta, go háirithe ó thríú tíortha. Baineann an bhréagaisnéis agus leathadh na bréagnuachta go córasach an bonn ónár luachanna agus ónár bprionsabail, agus ba cheart, dá bhrí sin, breathnú uirthi mar choir in aghaidh an daonlathais. Ba cheart don Aontas Eorpach cabhrú chun r-spás sábháilte a chosaint do gach Ballstát agus ar gach leibhéal rialtais.

5. Tá gá le tuilleadh oideachais agus faisnéise Eorpaí, go háirithe do na glúine óga, go háirithe trí ábhair oideolaíocha ilteangacha a fhorbairt a mbeidh rochtain dhigiteach orthu, do gach saoránach ar stair na hEorpa, bunaithe, go háirithe, ar pheirspictíochtaí trasnáisiúnta⁴, agus ar lánpháirtíocht Eorpach agus ar chóras daonlathach AE.

6. Ba cheart tuilleadh a dhéanamh chun an smacht reachta a chosaint, go háirithe maidir leis na Ballstáit atá ann faoi láthair. Ní féidir leis an Aontas Eorpach ardchaighdeán agus iompar eiseamláireach na dtíortha is iarrthóirí a éileamh ar bhealach inchreidte, gan trácht ar easnaimh i dtríú tíortha a chur in iúl, mura ngníomhaíonn a Bhallstáit féin i gcomhréir lena bhunluachanna agus lena bhunphrionsabail. Dá bhrí sin, ba cheart do AE roinnt ionstraimí forfheidhmithe an smachta reachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go hiomlán sna Ballstáit uile.

7. Cuireann éagobhsaíocht gheopholaitiúil, an iomaíocht dhomhanda le haghaidh acmhainní nádúrtha, spleáchas an Aontais ar allmhairí fuinnimh ó thríú tíortha agus tionchar na mbeartas maidir leis an athrú aeráide béim ar an ngá atá le fíoraontas fuinnimh. Ba cheart deireadh a chur le bacainní ar chomhtháthú an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart comhordú a bheith ann idir beartais náisiúnta agus ba cheart ról an fhuinnimh a ionchorprú i mbeartas eachtrach AE, chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a spreagadh laistigh de AE agus fuinneamh inacmhainne agus soláthar fuinnimh an-slán a chur ar fáil dá shaoránaigh agus dá chuideachtaí uile.

⁴ Féach, mar shampla, Áras Stair na hEorpa: <https://historia-europa.ep.eu/ga/mission-vision>.

8. Ba cheart don Pharlaimint féin an córas Spitzenkandidaten a chur i bhfeidhm, ar an gcéad dul síos. Braitheann todhchaí an chórais go príomha ar thoilteanas na Parlaiminte seasamh a ghlacadh i leith na Comhairle Eorpaí. Chun an córas *Spitzenkandidaten* a neartú, tá breithniú á dhéanamh ar liostaí trasnáisiúnta a thabhairt isteach – le líon teoranta suíochán chomh fada agus nach gcruthaítear Feisirí den chéad ghrád ná den dara grád leis. Chun Uachtarán an Choimisiúin a ainmniú agus a thoghadh, tá líon suíochán na ngrúpaí sa Pharlaimint cinntitheach agus déantar na Feisirí go léir a chomhaireamh mar a chéile. Ar chaoi ar bith, ba cheart dlúthghaol na n-ionadaithe dá dtoghthóirí agus a mhéid a aithníonn saoránaigh iad féin le Feisirí Eorpacha a neartú.

9. Mar dhara seomra reachtas AE, ba cheart don Chomhairle tuilleadh a dhéanamh chun a cuid plé a dhéanamh níos feiceálaí agus níos trédhearcaí. Ba cheart go n-íomprófaí an seomra seo mar chomhlacht poiblí aonair, ina ndéantar na cinntí críochnaitheacha go léir, agus go mbeadh, dála na Parlaiminte, cruinnithe ar oscailt do na saoránaigh go léir.

10. Tá gá le fíordhearcadh Eorpach do thíortha na mBalcán Thiar⁵. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin trí threochlár nithiúil agus mionsonraithe, maille le clár ama docht. Ar an mbealach sin, neartófaí an choinníollacht ar an dá thaobh: Bheadh a fhios ag na tíortha is iarrthóirí cad ba cheart dóibh a dhéanamh agus cathain a dhéanfadh siad é chun a bheith ina mball de AE, agus mholfá do na Ballstáit cloí leis na hionchais maidir le méadú a d'aontaigh siad agus le cumas lánpháirtíochta AE a neartú, go háirithe ina phróisis chinnteoireachta.

Ranníocaíocht arna glacadh an 8 Nollaig 2021 ag Coiste Bainistíochta CIF, atá comhdhéanta de:

Hans-Gert PÖTTERING, Uachtarán

⁵ Féach, mar shampla, preaseisiúint PE an 25 Márta 2021: <https://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20210322IPR00528/enlargement-reports-meps-fully-support-western-balkans-european-future>.

Monica BALDI, Leas-Uachtarán

Jean-Pierre AUDY, Cisteoir

Teresa RIERA MADURELL, Rúnaí Oinigh

Michael HINDLEY, Comhalta

Brigitte LANGENHAGEN, Comhalta

Miguel Angel MARTINEZ MARTINEZ, Comhalta

Edward McMILLAN-SCOTT, Comhalta

Pier Antonio PANZERI, Comhalta

Manuel PORTO, Comhalta

Ar thogra a ghlac Grúpa Machnaimh CIF ar Thodhchaí an Aontais Eorpaigh an 7 Nollaig 2021, comhdhéanta de:

Hans-Gert PÖTTERING, Uachtarán CIF agus iarUachtarán Pharlaimint na hEorpa (Cathaoirleach)

Enrique BARON CRESPO, iar-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus iar-Uachtarán CIF (an Spáinn, S&D, 1986-2009)

Elmar BROK, iar-Fheisire (an Ghearmáin, PPE, 1980-2019)

Pat COX, iar-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus iar-Uachtarán CIF (Éire, ALDE, 1989-2004)

Monica FRASSONI, iar-Fheisire (an Iodáil, na Glasaigh, 1999-2009)

Genowefa GRABOWSKA, iar-Fheisire Eorpach (an Pholainn, SOC, 2004-2009)

Zita GURMAI, iar-Fheisire (an Ungáir, S&D, 2004-2014)

Alain LAMASSOURE, iar-Fheisire (an Fhrainc, EPP, 1989-1993/1999-2019)

Richard CORBETT, iar-Fheisire (an Ríocht Aontaithe, S&D, 1996-2009/2014-2020) (Breathnóir)

I ndlúthchomhar leis an Ollamh Steven Van Hecke agus le Elisabetta Fonck, Ard-Rúnaí CIF.